Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

FORBAIRT TALMHAÍOCHTA

Tabhair faoi deara, le do thoil, gurb í an fhoirm seo atá le comhlánú i gcás aon fhorbairt talmhaíochta atá beartaithe agus nach mór Foirm Iarratais ar Chead Pleanála chomhlánaithe a chur in éineacht léi.

Sonraí an Fhiontair Feirme

1. (a) Feirm Bhaile (Heicteáir): _____
   (b) Heicteáir Athfheirme (má bhaineann le hábhar): _____

NÓTA: Tá Achar na Feirme le himlíniú i ndúch dearg ar Léarscáil Shuíomh an Láithreáin (Scála 1:2500). Taispeáin na tailte a bhfuil sé beartaithe agat pé dramhaíl a tháirgfear a leathadh orthu.

2. Líon heicteár feirme atá faoi (a) Féar: _____
   (b) Curaíocht: _____

NÓTA: Taispeáin achar gach ceann den dá chatagóir thuas ar Léarscáil Shuíomh an Láithreáin (Scála 1:2500)

3.	Líon Beostoic	Atá Ann	Atá Beartaithe
(a)	Ba déiríochta	_____	_____
(b)	Stoc athsholáthair, Bearacha, Gamhna, srl. (sonraigh)	_____	acraíocht
(c)	Eallach Mairteola, Laonna coiscthe (*Weanlings*) Gamhna (sonraigh)	_____	_____
(d)	Muca – Cránacha, Coisctheoirí (*Weaners*), Muca le ramhrú (*fatteners*) (sonraigh)	_____	_____
(e)	Éanlaith – Béaróga, Gríoscacháin (*broilers*), Sicíní.	_____	_____
(f)	Capaill:	_____	_____
(g)	Caoirigh:	_____	_____
(h)	Eile:	_____	_____

NÓTA: Ní mór gach togra Fairsingithe Feirme a bheith de réir na bpleananna maidir le Forbairt Feirme atá leagtha síos ag Teagasc.

4. Soláthar Uisce ar an bhFeirm:

(a) Arna chaidéalú ó Thobar Tollta: _____
(b) Príomhsholáthar Poiblí. _____
(c) Eile. (Sonraigh): _____

5. Úsáid Uisce ar an bhFeirm – Líon lítear gach lá:

(a) Mar atá: _____
(b) Már atá beartaithe: _____

6. Uas-tonnáiste sadhlais a bheadh le sadhlasú ar d'fheirm in aon bhliain.

Suirbhé Clós Feirme

---

1. Achar urláir na struchtúr faoi dhíon atá anois ann agus atá tugtha suas do gach catagóir Beostoic atá liostaithe i Roinn B.

_____m^2

2. Achar urláir na Struchtúr gan Díon (m.sh. Clóis Oscailte, Sadhlanna, Spásanna Beathúcháin, Bleánlanna, Cubhachailí Oscailte srl) (Sonraigh, le do thoil). _____m^2

3. Marcáil, ar léarscáil Suirbhéireachta, sonraí aon chrainn nó fál sceach atá in aice theorainn na Feirme.

_____

NÓTA: Ní mór an t-eolas thuas a sholáthar ar phlean de réir scála 1/500 (nó scála níos mó ná sin) den fheirm a thaispeánann suíomh agus úsáid gach struchtúir, geata clóis, balla agus draenach, a léiríonn pé fána atá sna clóis agus conas a dhiúscraítear uisce dromchla agus uisce ó dhíonta.

Togra Forbartha

1. Achar urláir beartaithe na Struchtúr Faoi Dhíon.

2. Achar urláir beartaithe na Struchtúr Gan Díon.

3. Toilleadh gach ceann de na saoráidí coinneála seo sna clóis feirme: eisilteach/uisce salach/sciodar agus aoileach.

	MAR ÁTA	MAR ATÁ BEARTAITHE
Eisilteach	_____m^2	_____m^2
	_____m^2	_____m^2
	_____m^2	_____m^2

Uisce		
Salach	_____m^2	_____m^2
	_____m^2	_____m^2
	_____m^2	_____m^2
Sciodar	_____m^2	_____m^2
	_____m^2	_____m^2
	_____m^2	_____m^2
Log		
Aoiligh	_____m^2	_____m^2
	_____m^2	_____m^2
	_____m^2	_____m^2

4. Plean mionsonraithe i dtaca le Bainistiú Diúscairt Dramhaíola a imlíníonn cén chaoi a ndéanfar gach dramhaíl a tháirgfear ar d'fheirm a dhiúscairt chomh maith le sonraí i dtaobh na méideanna a dhiúscrófar in áiteanna faoi leith ar fud na feirme agus na hamanna den bhliain a dhéanfar sin.

5. Sonraí na gcrann, na bhfáltaí sceach agus na gclaíocha atá le leagan ar mhaithe leis an bhforbairt atá beartaithe.

_____

6. Sonraí i dtaobh na gcrann agus na bhfáltaí sceach atá le cur ar mhaithe leis an bhforbairt atá beartaithe.

_____

NÓTA: (Ní mór na sonraí a lorgaítear i míreanna 5 agus 6 thuas a thaispeáint sa chuid sin den Phlean Feirme (Scála 1:500) a bhaineann le plandú thart timpeall na feirme agus sa chuid sin de Léarscáil Shuíomh an Láithreáin (Scála 1:2500) a bhaineann le plandú in áiteanna eile timpeall na feirme.

7. Tá sé beartaithe slite isteach i gclóis nó i bpáirceanna a athrú nó cinn nua a chruthú.

_____

8. Tá sé beartaithe, mar pháirt den fhorbairt, claí a chur thart ar thalamh a bhí oscailte go dtí seo.

_____

NÓTA 1: Ní mór an t-eolas seo a sholáthar ar phlean de réir scála 1/500, nó scála níos mó ná sin, a thaispeánann an coimpléacs feirme tar éis an mhéadaithe atá beartaithe, a thaispeánann suíomh agus úsáid gach struchtúir, geata clóis, balla agus draenach, a léiríonn fána na gclós agus diúscairt uisce dromchla agus uisce ó dhíonta. Ní mór lán-líníochtaí, pleananna, ingearchlónna agus gearrthacha de na struchtúir a chur ar fáil chomh maith.

NÓTA 2: Ní mór, mar pháirt den iarratas, ríomhanna deartha a chur ar fáil i gcomhair <u>gach</u> ceann de na saoráidí coinneála seo: uisce salach / sciodar / aoileach.

Diúscairt Sciodair

1. Modh chun Sciodar/Aoileach a leathadh.

   _____

   (scrios aon cheann nach mbaineann le hábhar)

2. An bhfuil trealamh leata i do sheilbh nó an mbíonn sé ar cíos agat?

   _____

   (sonraigh cén cineál trealaimh atá ann m.sh. Tarracóir agus Tancaer Folúis).

3. Cé chomh minic a dhéantar sciodar/aoileach a leathadh?

   _____

4. Modh chun eisilteach as tancanna uisce salach agus sadhlais a leathadh.

   _____

5. Cé chomh minic a dhéantar eisiltigh a leathadh?

   _____

NÓTA: Ní mór an t-achar talún atá ar fáil i gcomhair sciodar/aoileach nó eisilteach a leathadh a áireamh ar Léarscáil Shuíomh an Láithreáin (Scála 1:2500).

<u>Is de réir neas-scála, m.sh. 1:50, 1:100</u> a bheidh líníochtaí de na foirgnimh a bhfuil sé beartaithe iad a thógáil nó a choinneáil. Ní mór pé pleananna, ingearchlónna agus gearrthacha a sholáthar atá riachtanach chun láneolas a thabhairt i dtaobh chruth an fhoirgnimh, an modh tógála, na hábhair a úsáidfear, an leagan amach inmheánach, lánsonraí i dtaobh draenála, clóis a bhfuil fána iontu, cainéil draenála, píobáin, ionad agus comhdhéanamh claiseanna srl ionas go mbeidh tuiscint ghlinn ag an Údarás Pleanála ar a bhfuil beartaithe agus chun go mbeifear in ann é a chur i dtaifead.

Deimhním leis seo gur cruinn iad na sonraí atá tugtha i dtaobh na forbartha talmhaíochta atá beartaithe.

Síniú an Iarratasóra: _____

Dáta: _____

N.B. Ní mór don Iarratasóir an fhoirm seo a shíniú agus foirm chomhlánaithe Iarratas ar Chead Pleanála a chur léi.

NÓTA: Cuirfear moill ar phróiseáil an iarratais mura dtugtar eolas cruinn cuimsitheach san iarratas seo.